

Aonad 10 – Ceacht 2



Tomhaltóir Feasach Tráth na gCeist

Léigh na ceisteanna agus cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.

1. Tá cearta ag gach tomhaltóir nuair atá earraí/seirbhísí nua á gceannach ó ghnó acu.

- a) Fíor
- b) Bréagach
- c) Nílím cinnte

2. Caithfidh siopa admháil a thabhairt duit nuair a cheannaíonn tú earraí nó seirbhísí uathu. An bhfuil an ráiteas seo fíor nó bréagach:

- a) Fíor
- b) Bréagach
- c) Nílím cinnte

3. Ceannaíonn tú cóta a thógann tú abhaile – ach ní maith leat é. Cad is ceart a dhéanamh:

- a) Tóg an cóta ar ais agus éiligh aisíoc iomlán
- b) Tóg an cóta ar ais agus éiligh nóta creidmheasa
- c) Fiosraigh polasaí an tsiopa maidir le hearraí ar ais

3. Ceannaíonn tú cóta a thógann tú abhaile – ach ní maith leat é. Cad is ceart a dhéanamh:

- a) Tóg an cóta ar ais agus éiligh aisíoc iomlán
- b) Tóg an cóta ar ais agus éiligh nóta creidmheasa
- c) Fiosraigh polasaí an tsiopa maidir le hearraí ar ais

4. Faigheann tú bronntanas do do bhreithlá nach maith leat. An ceart duit:

- a) É a thógáil ar ais go dtí an siopa agus aisíoc iomlán a éileamh
- b) É a thógáil ar ais ag an siopa leis an admháil agus fiosraigh an féidir é a mhalartú le haghaidh rud éigin eile
- c) An bronntanas a thabhairt do dhuine éigin eile.

5. Ceannaíonn tú earra leictreach i sladmhargadh ach ní oibríonn sé. An ceart duit:

- a) An earra a thabhairt go dtí an t-ionad athchúrsála
- b) An earra a thógáil ar ais go dtí an siopa agus éiligh aisíoc iomlán ar an méid a chaith tú air, nó earra ionaid
- c) An earra a thógáil ar ais agus éiligh aisíoc iomlán ar an méid a chaith tú air



Aonad 10 – Ceacht 2



Tomhaltóir Feasach Tráth na gCeist

6. Ceannaíonn tú péire bróg ach ceapann tú nach n-oireann siad duit. Thug tú faoi deara inné go bhfuil na bróga ar shladmhargadh. Cad is ceart a dhéanamh:

- a) Tóg na bróga ar ais agus éiligh aisíoc ar phraghas na mbróg sa sladmhargadh
- b) Tóg na bróga ar ais agus éiligh aisíoc ar phraghas na mbróg a d'íoc tú
- c) Fiosraigh polasaí an tsíopa maidir le hearraí ar ais

7. Cheannaigh tú citeal a stop ag obair tar éis úsáid amháin. Tógann tú ar ais go dtí an síopa é ach deir siad gur gá duit é a thabhairt ag an déantóir. An bhfuil seo ceart:

- a) Tá
- b) Níl
- c) Nílím cinnte

8. Ceannaíonn tú léine dheas do do dhaid dá bhreithlá – ach tugann tú faoi deara go bhfuil dhá chnaipe in easnamh air. An ceart duit:

- a) Dhá chnaipe a chur air tú féin
- b) An léine a thógáil ar ais go dtí an síopa agus earra ionaid, aisíoc nó íslíú ar an bpraghas a éileamh
- 9. An bronntanas a thabhairt do do dhaid ar aon nós – ag súil nach dtabharfaidh sé faoi deara

9. Ceannaíonn tú fón ach ní oibríonn sé ón tús. Tógann tú ar ais go dtí an síopa é agus deisíonn siad é. Ach ní oibríonn sé arís tar éis míosa. Tá tú i dteidil earra ionaid nó aisíoc:

- a) Fíor
- b) Bréagach
- c) Nílím cinnte

10. Ceannaíonn tú ríomhaire nua. Oibríonn sé ar feadh seachtaine ach ansin bíonn deacrachtaí leis. Tógann tú ar ais go dtí an síopa é agus lorgaíonn siad €50 chun é a dheisiú. An bhfuil seo ceart:

- a) Tá
- b) Níl
- c) Nílím cinnte.

11. Ceannaíonn tú geansaí nua ach feiceann tú go bhfuil poll ann. Tógann tú ar ais go dtí an síopa é ach deir siad leat go bhfuil polasaí acu gan aisíoc a thabhairt nó malartú a dhéanamh. An bhfuil seo ceart:

- a) Tá
- b) Níl
- c) Nílím cinnte

